



An Bhruiséil, 14 Nollaig 2020
(OR. en)

14018/20

**Comhad Idirinstitiúideach:
2018/0136(COD)**

**CODEC 1336
CADREFIN 449
RESPR 81
POLGEN 227
FIN 955**

NÓTA

Ábhar: Dréacht-Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le córas ginearálta coinníollachta chun buiséad an Aontais a chosaint
- Glacadh an tseasaimh ón gComhairle ar an gcéad léamh agus an ráitis ar chúiseanna na Comhairle
= Toradh an nós imeachta i scríbhinn a tugadh chun críche an 14 Nollaig 2020

Rinneadh an nós imeachta i scríbhinn, ar cuireadh tús leis le CM 4742/20 an 11 Nollaig 2020, a thabhairt i gcrích an 14 Nollaig 2020 le CM 5358/20.

Cé is moite den Ungáir agus den Pholainn a vótáil ina choinne, vótáil na toscaireachtaí uile go nglacfaí an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh maidir leis an Rialachán thuasluaite agus an ráiteas ar chúiseanna na Comhairle, mar a leagtar amach in ST 9980/20 agus in 9980/20 ADD 1.

Chomhaontaigh na toscaireachtaí go léir an dréachtráiteas comhpháirteach a leagtar amach in Iarscríbhinn 1 a ghabhann le ST 13051/20 a fhorghnó.

Baineadh amach an tromlach cáilithe is gá. Dá bhrí sin, glactar an seasamh thuasluaite ón gComhairle ar an gcéad léamh agus an ráiteas faoi chúiseanna na Comhairle, agus déantar an ráiteas comhpháirteach a ghabhann leis a fhorghnó.

Tá an ráiteas comhpháirteach, na ráitis ón gCoimisiún, agus an ráiteas ón Ungáir le feiceáil san Iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo.

Déanfar na ráitis thuas a áireamh san achoimre ar ghníomhartha arna nglacadh tríd an nós imeachta i scríbhinn mar ráitis atá le cur isteach i miontuairiscí na Comhairle, i gcomhréir leis an tríú fómhír d'Airteagal 12(1) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle.

Míniú ón Ungáir maidir lena vóta

Sna conclúidí ón gComhairle Eorpach an 10-11 Nollaig 2020 agus sna ráitis ghaolmhara ón gCoimisiún agus ón gComhairle, tugadh aghaidh ar na hábhair inní pholaitiúla agus ar chuid de na hábhair inní dlí a bhí ag an Ungáir i dtaobh léirmhíniú agus chur i bhfeidhm an dréacht-Rialacháin maidir le córas ginearálta coinníollachta chun buiséad an Aontais a chosaint. Mar sin féin, tá sé fós ina inní mhór ó thaobh dlí de maidir le comhréireacht an dréacht-Rialacháin le dlí an Aontais, ionas nach mór don Ungáir vótáil i gcoinne an tseasaimh ón gComhairle ar an gcéad léamh maidir leis an dréacht-Rialachán. Is mian leis an Ungáir a ceart faoi Airteagal 263 CFAE a fhorchoimeád.

Ráiteas ón Ungáir

Is le leasanna náisiúnta ríthábhachtacha na hUngáire a bhaineann sé go gcuirfí chun feidhme, go hiomlán agus de mheon macánta, na conclúidí ón gComhairle Eorpach agus na ráitis ghaolmhar ón gCoimisiún maidir le léirmhíniú agus cur i bhfeidhm an Rialacháin maidir le córas ginearálta coinníollachta chun buiséad an Aontais a chosaint, agus ós amhlaidh atá, ní thig leis an Ungáir a toiliú a thabhairt d'aon ghníomh reachtach a bhaineann leis an gcreat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021 go 2027, lena n-áirítear Next Generation EU, mura ndéantar amhlaidh.

Ráiteas ón gCoimisiún

Tugann an Coimisiún dá aire na conclúidí ón gComhairle Eorpach an 10-11 Nollaig 2020 maidir leis an dréacht-Rialachán maidir le córas ginearálta coinníollachta chun buiséad an Aontais a chosaint. Dearbhaíonn sé tuiscint na Comhairle Eorpaí go bhfuil an Coimisiún tiomanta, agus an Rialachán á chur i bhfeidhm, do na gnéithe dá dtagraítear i mír 2 de chonclúidí an 10-11 Nollaig 2020 a mhéid a chumhdaítear iad faoi raon feidhme a chuid freagrachtaí, i gcomhréir leis na Conarthaí.

**Dréacht-Ráiteas comhpháirteach ón gComhairle, ó Pharlaimint na hEorpa agus ón
gCoimisiún**

Gan dochar do cheart tionscnaimh an Choimisiúin, comhaontaíonn Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún breathnú ar an méid atá sa Rialachán seo a áireamh i Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 (an 'Rialachán Airgeadais') tráth a dhéanfar an chéad athbhreithniú eile air.

Ráiteas ón gCoimisiún

Comhaontaíonn an Coimisiún, i gcás inar gá, breathnú ar thograí iomchuí a chur in éineacht leis an tuarascáil chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir le cur i bhfeidhm an Rialacháin seo.